


CEAUGHT 29

AN TEILIFÍS



- A. Athdhéanamh ar chuid den fhoclóir a bhaineann leis an teilifís,
m.sh. An raibh tú ag féachaint ar an teilifís?
Bhí/Ní raibh mé.
An bhaca tú sorcas, capall, etc? **Chonaic mé/Ní fhaca mé.**

Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,
m.sh. Féach ar an leabhar. **Féachfaidh mé.**
Suigh suas go díreach. **Suífidh mé,** etc.

- B. Cloisteáil, Aithint, Aithris

Bunchomhrá

Tá an sorcas ar an teilifís. Tá Colm agus Nuala ag féachaint air. Tá Mamaí ag cniotáil. Tá Daidí ag léamh.

Agallamh

Nuala: Féach ar an gcailín. Tá gúna deas uirthi.

Colm: Tá sí ar an gcapall.

Nuala: Tá an capall ag rith.

- C. Cleachtadh

Céard/Cad atá ar an teilifís?

Cé atá ag féachaint ar an teilifís?

An bhfuil Mamaí agus Daidí ag féachaint ar an teilifís?

Céard atá Mamaí agus Daidí a dhéanamh?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,

m.sh. Tá an cailín ar an gcapall/ar an gcathaoir/ar an mbord, etc.

Tá gúna deas uirthi/orm/ort/ar Mhamaí.

- D. Leathnú

(a) **Amhrán** Fonn: 'Seáinín ar a Rothar'.

Colm agus Nuala ag féachaint ar an teilifís,

Cailín ar an gcapall,

Aon, dó, trí.

(b) **Comhrá ginearálta** faoi chláir a fheiceann na leanaí ar an teilifís.